Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9652/22**

**AGRI 220**
**AGRILEG 89**
**FOOD 38**
**SAN 324**
**PHYTOSAN 23**
**VETER 52**
**ENV 515**
**CLIMA 246**
**CODEX 11**
**WTO 103**
**RELEX 712**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An tuarascáil ar chur i bhfeidhm chaighdeáin sláinte agus chomhshaoil an Aontais maidir le táirgí talmhaíochta agus agraibhia allmhairithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta faisnéise a d'ullmhaigh an Uachtaránacht d'fhonn tuairimí a mhalartú i ndáil leis an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le caighdeáin sláinte agus chomhshaoil an Aontais a chur i bhfeidhm ar tháirgí talmhaíochta agus agraibhia allmhairithe, ar nóta é atá sceidealaithe don chruinniú den Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 13 Meitheamh 2022.

An 21 Feabhra 2022, bhí malartú tuairimí ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh maidir le feabhas a chur ar chomhleanúnachas idir an Comhaontú Glas, an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus an beartas trádála chun tacú leis an aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe[1]. Tháinig an malartú sin i ndiaidh na díospóireachta maidir le hathchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT), a raibh ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa ag gabháil leis inar iarradh ar an gCoimisiún tuarascáil a thíolacadh faoi mhí an Mheithimh 2022 i ndáil le cur i bhfeidhm chaighdeáin sláinte agus chomhshaoil an Aontais maidir le táirgí talmhaíochta agus agraibhia allmhairithe[2]. An 11 Márta 2022, chuir an Uachtaránacht litir[3] chuig an gCoimisiún inar mheabhraigh sí príomhthorthaí mhalartú tuairimí na Comhairle don Choimisiún, inar leagadh béim ar an ngá atá le cosc a chur ar éifeachtaí diúltacha neamhbheartaithe an aistrithe chuig córais bhia inbhuanaithe agus ar an ngá atá le machnamh a dhéanamh ar conas cosc a chur ar mhéadú na gceanglas sláinte agus comhshaoil is infheidhme maidir le talmhaíocht na hEorpa ó laghdú a dhéanamh ar a cumas táirgeachta.

An 3 Meitheamh 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún an tuarascáil thuasluaite i ndáil le cur i bhfeidhm chaighdeáin sláinte agus chomhshaoil an Aontais maidir le táirgí talmhaíochta agus agraibhia allmhairithe[4], mar fhreagra ar an gcuireadh comhpháirteach a chuir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa chuige i mí Iúil 2021.

Chun struchtúr a chur ar an díospóireacht maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún, molann an Uachtaránacht go dtabharfadh na hairí aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas:

[1] 5887/22.
[2] 10991/21 ADD1.
[3] 7312/22.
[4] 9651/22.

1) *I gcomhthéacs an aistrithe chuig córais bhia inbhuanaithe, is é conclúid na tuarascála gur féidir caighdeáin táirgthe áirithe de chuid an Aontais a leathnú chuig táirgí allmhairithe, i gcomhréir le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála. Cad iad na réimsí ar leith (sláinte, comhshaol, leas ainmhithe) ar cheart aghaidh a thabhairt orthu, dar leat, agus cé na luamháin ar leith (bearta iltaobhacha, déthaobhacha, uathrialacha, etc.) a mheasfá is oiriúnaí?*

2) *An mbeifeá den tuairim go mbeadh sé úsáideach obair leantach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí atá ar siúl agus atá beartaithe agus, más ea, cén fhoirm a dhéanfar í?*